

Is Maith Liom Pop!: Réamhobair

A Freagair na ceistanna thíos le do pháirtí ranga.

- An bhfuil suim agat i gceol?
- Cén sórt ceoil is fearr leat?
- Céard iad na bannaí ceoil is fearr leat? Cén fáth?
- An dtaitníonn ceolchoirmeacha leat? Cén fáth?

B Meaitseáil an focal leis an mbrí atá leis.

ceachtanna ceoil	→	<i>regular practice</i>
cleachtadh rialta		<i>a music group / band</i>
grúpa traidisiúnta áitiúil		<i>music lessons</i>
ball den cheolfhoireann		<i>concerts</i>
ceolchoirmeacha		<i>buying tickets online</i>
banna ceoil		<i>a member of the orchestra</i>
na cairteacha		<i>a rock group</i>
ag seinm ceoil		<i>the charts</i>
racghrúpa		<i>a local traditional group</i>
ticéid a cheannach ar líne		<i>playing music</i>

C Líon na bearnaí leis na focail ó Chuid B thuas.

1. Éistim leis _____ gach seachtain – is breá liom ceol nua.
2. Is _____ mé sa scoil agus seinnim an veidhlín.
3. Níl an fhoighne agam le _____ a dhéanamh ar m'uirlis, mar sin, níl mé an-mhaith!
4. Tá _____ nua i mo scoil agus tá siad ag cuardach amhránaí agus drumadóra.
5. Seinneann m'athair an veidhlín agus tá sé i n_____.
6. Tá cáil ar an _____ Éireannach U2 ar fud an domhain.
7. Téim go Baile Átha Cliath le dul chuig _____ ó am go ham.
8. Ní féidir liom na _____ mar níl cárta creidmheasa agam.
9. Tá an t-ádh liom go bhfuil _____ ar fáil i mo cheantar.
10. Táim _____ ó bhí mé an-óg.


Is Maith Liom Pop!: Mír a hAon
A Éist leis an mír agus freagair na ceisteanna thíos.

- Cé na gnéithe d'amhrán a chuireann ag damhsa daoine, dar le Máire Treasa? (dhá rud)**
 - curfá tarraingteach
 - físeán spráúil
 - liricí maithe
 - fonn tarraingteach
- Fíor nó bréagach: Bhuaigh 'Happy' an gradam 'an t-amhrán is fearr ag na Gradaim Oscars.**
 - Fíor
 - Bréagach
- Cén fhad a chaith 'Happy' ag uimhir a haon in Éirinn in dhá mhíle is a ceathair déag?**
 - níor éirigh leis uimhir a haon a bhaint amach in Éirinn
 - coicís
 - dhá mhí
 - dhá sheachtain déag

B Plé ranga.

Pléigh na ceisteanna thíos le do pháirtí ranga.

An éisteann tú leis an raidió?

Cén stáisiun agus cé na cláir is fearr leat?

An gceapann tú go bhfuil an ceol tábhachtach i saol an duine go ginearálta? Cén fáth?

Cén bealach is mó a dtagann tú ar eolas faoi bhannaí nua?


Is Maith Liom Pop!: Mír a Dó
A Éist leis an mír agus freagair na ceisteanna thíos.

- Cén bhliain a cuireadh tús leis na cláir réaltachta?**
 - dhá mhíle
 - dhá mhíle is a haon
 - dhá mhíle is a hocht
- Cén rud nár luaigh Máire Treasa mar chúis le rathúlacht na gclár réaltachta?**
 - bhí an lucht leanúna tógtha leis an drámaíocht
 - bhí an lucht leanúna tógtha leis gcóras vótála
 - bhí an lucht leanúna ag baint úsáide as na meáin shóisialta
- Céard atá ar siúl ag Will Young anois?**
 - tá sé ag aisteoireacht, go príomha
 - tá sé fós ag cumadh agus ag eisiúint ceoil
 - tá sé ina léiritheoir ceoil

*Is Maith Liom Pop: Mír a Trí***A** Éist leis an mír agus freagair na ceisteanna thíos.**1. Cé mhéad albam atá díolta ag U2?**

- seachtó milliún
- céad seachtó milliún
- os cionn seacht mbilliún

2. Cé as an banna Snow Patrol?

- Albain
- Muineachán agus an Cabhán
- Tuaisceart Éireann

3. Cén eachtra a scaip cáil Snow Patrol, dar le Máire Treasa?

- Nuair a sheinn MTV a gcéad fhíseán ceoil
- Nuair a bhí ceann dá gcuid amhrán le cloisteáil ar chlár aitheanta ó Mheiriceá
- Nuair a sheinn siad ag ceolchoirm mhór i Sasana

B Díospóireacht.

Pléigh an rún thíos le do ghrúpa.

Níl tada mícheart le ceol a roinnt agus a íoslódáil saor in aisce ó fhoinsí ar líne.

Nótaí